



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2021
(OR. en)

15114/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0419(COD)**

**TRANS 761
TELECOM 465
IND 390
CODEC 1671
DATAPROTECT 295
DIGIT 190**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 813 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 813 final.

Faoi iamh: COM(2021) 813 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.12.2021
COM(2021) 813 final

2021/0419 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur
chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna
eile iompair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 436 final} - {SWD(2021) 474 final} - {SWD(2021) 475 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Baineann an togra seo le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasófaí Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair¹.

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tsoghluaisteacht agus an t-iompar ríthábhachtach do shaoránaigh na hEorpa agus do gheilleagar na hEorpa ina iomláine. Saoirse bhunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh (an Aontas) agus a mhargaidh aonair is ea saorghluaiseacht daoine agus earraí thar a theorainneacha inmheánacha. I mí na Nollag 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht maidir le Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste (“an straitéis”)² ina moltar athrú ó bhonn a dhéanamh ar chóras iompair na hEorpa chun an cuspóir maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, chliste agus athléimneach a bhaint amach. Is gné fhíor-riachtanach den chlaohlú sin é an digiteáil. Leis an digiteáil, déanfar an córas iompair ina iomláine rianúil agus níos éifeachtúla. Méadóidh sé a thuilleadh leibhéil sábháilteachta, slándála, iontaofachta agus chompoird freisin.

Aithnítear sa straitéis go bhfuil imlonnú córas cliste iompair (CCI) ina phríomhghníomhaíocht chun córas soghluaisteachta ilmhódaí nasctha agus uathoibrithe a thógáil. Tugann an dara ceann díobh le chéile forbairtí nua amhail Soghluaisteacht ar Éileamh (MaaS) agus Soghluaisteacht Chomhoibríoch, Nasctha agus Uathoibrithe (CCAM). Déanann CCAM an tiománaí a chlaochlú ina úsáideoir ar fhliú chomhroinnte feithiclí, agus é comhtháite go hiomlán i gcóras ilmhódach iompair, rud a dhéanann Seirbhísí Digiteacha le haghaidh Soghluaisteacht Ilmhódach (MDMS) réidh, amhail feidhmchláir MaaS.

Tá an straitéis soiléir: D’fhonn an t-iompar a dhéanamh níos inbhuanaithe, ní mór dúinn ilmhódúlacht éifeachtach gan uaim a chur ar fáil, ag baint úsáide as an modh is éifeachtúla do gach céim den turas. Ina theannta sin, caithfidh gach mód a bheith níos éifeachtúla; I gcás na mbóithre, ciallaíonn sé sin go gcuireann réitigh chomhroinnte rogha inmharthana ar fáil maidir le húinéireacht phríobháideach feithiclí. Cothaíonn sé sin freisin glacadh feithiclí atá saor ó astaíochtaí ós rud é go mbeidh flíú iomlán ar fáil d’úsáideoirí seirbhísí soghluaisteachta chomhroinnte. Imní faoi raon nó costas a cheannach mhaolú ansin, go háirithe nuair is féidir leis an bhflíú sin é féin a athluchtú go huathoibríoch. Is é sin le rá, is féidir le seirbhísí CCI atá ag teacht chun cinn dlús a chur le glacadh feithiclí atá saor ó astaíochtaí agus cabhrú lena n-úsáid ar bhealach níos éifeachtúla.

Ar deireadh, má dhéantar sreafaí tráchta ar bhóithre a rianú (agus é á thabhairt ar aird nár cheart go dtiocfadh traglaim tráchta astaíochtaí nialasacha as flíteanna astaíochtaí nialasacha), cuirfear le hiompar níos inbhuanaithe freisin. Go hidéalach, feidhmíonn feithiclí astaíochtaí nialasacha mar sheirbhísí friothálacha do na modhanna atá ann cheana agus fiú níos éifeachtúla, do phaisinéirí agus do lasta araon, lena bhforáiltear do thaisteal gan uaim agus níos cuimsithí. Cosnaíonn an brú tráchta níos mó ná 1 % den OTI in aghaidh na bliana³ ar gheilleagar an Aontais, in am caillte ag saoránaigh agus ag oibrithe ach freisin i lóistíocht

¹ IO L 207, 6.8.2010, lch. 1.

² COM/2020/789 críchnaitheach.

³ <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC69961/congestion%20report%20final.pdf>

neamhiontaofa neamhéifeachtúil a chuireann leis an ngeilleagar. Trí theagmhais a laghdú agus trí bhainistiú tráchta a fheabhsú, is féidir le CCI an brú tráchta a laghdú agus rannchuidiú go mór le héifeachtúlacht eacnamaíoch agus le hiomaíochas gheilleagar an Aontais. D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, ar éifeachtúlacht tráchta agus ar chompord trí CCI a imlonnú, trí chabhrú le húsáideoirí iompair na cinní cearta a dhéanamh agus iad féin a chur in oiriúint don staid tráchta. Fágann sé freisin gur féidir úsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana, roghanna ilmhódúlachta a mhéadú, agus bainistiú tráchta a fheabhsú.

Aithnítear sa *Teachtaireacht maidir le Straitéis Eorpach le haghaidh Sonraí*⁴, a ghlac an Coimisiún i mí Feabhra 2020, go rachaidh an nuálaíocht sonraibhunaithe chun tairbhe don phobal tríd an méid a chuirfidh sí le Comhaontú Glas na hEorpa⁵, agus trí chabhrú leis an Eoraip a chur in oiriúint don ré dhigiteach⁶.

Ceapadh Treoir 2010/40/AE (an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair) mar chreat chun dlús agus comhordú a dhéanamh ar imlonnú agus ar úsáid CCI a bhí i bhfeidhm maidir le hiompar de bhóthar agus lena chomhéadain le modhanna eile iompair.

Fógraíodh sa straitéis go ndéanfaí athbhreithniú go luath ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair, lena n-áirítear cuid dá rialacháin tarmilgthe. Leag an straitéis béim freisin ar an rún atá ag an gCoimisiún tacú le sásra comhordaithe a chruthú in 2021 le haghaidh na bPointí Rochtana Náisiúnta a cruthaíodh faoi Threoir CCI.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ex-post ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair⁷ inar thángthas ar an gconclúid go raibh tionchar dearfach ag an Treoir ar úsáid CCI ar fud an Aontais. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin gur uirlis ábhartha i gcónaí í an Treoir chun aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas: (i) easpa comhordaithe in imscaradh CCI ar fud an Aontais; Agus (ii) imlonnú mall, rioscúil agus neamhéifeachtach ó thaobh costais CCI. Tugadh faoi deara sa mheastóireacht freisin go bhfuil an úsáid a bhaintear as CCI ag dul i méid ach in ainneoin feabhsuithe, is minic a bhíonn úsáid CCI teoranta go minic ó thaobh raon feidhme geografach de. Is léir i gcónaí gur gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh maidir le hidir-inoibritheacht, comhar agus comhroinnt sonraí ionas gur féidir seirbhísí CCI atá leanúnach agus rianúil a chur ar fáil ar fud an Aontais.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach CCI. Leagadh béim sa tuarascáil sin ar an méid seo a leanas: (i) an gá atá ann an comhordú a fheabhsú tuilleadh i dtaca le hinrochtaineacht sonraí; (ii) an gá atá ann teacht chun cinn téamaí agus dúshlán nua CCI a chur san áireamh; agus (iii) an gá atá le feabhas a chur ar infhaighteacht príomhchineálacha sonraí ar an ngréasán iompair de bhóthar ina iomláine (i.e. trí na cineálacha sonraí sin a chur ar fáil i bhformáid meaisín-inléite).

Dá bhrí sin, tugann an togra seo aghaidh ar na fadhbanna seo a leanas: (i) easpa idir-inoibritheachta agus easpa leanúnachais feidhmeanna, córas agus seirbhísí; (ii) easpa comhbheartaithe agus comhair éifeachtaigh i measc páirtithe leasmhara; agus (iii) saincheistanna gan réiteach a bhaineann le hinfaighteacht agus comhroinnt sonraí a thacaíonn le seirbhísí CCI. Baintear é sin amach go háirithe trí raon feidhme reatha na Treorach a leathnú chun dúshlán nua agus dúshlán atá ag teacht chun cinn a chumhdach,

⁴ COM(2020) 66 críochnaitheach.

⁵ COM/2019/640 críochnaitheach.

⁶ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age_ga

⁷ SWD(2019) 368 críochnaitheach.

agus trí chead a thabhairt seirbhísí riachtanacha CCI a dhéanamh éigeantach ar fud an Aontais. Cuirfear seirbhísí CCI ar fáil trí shonraí a chur ar fáil atá riachtanach chun faisnéis iontaofa a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin áiritheofar gur féidir leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le digiteáil san earnáil bóithre. Le rialacha breise chun feabhas a chur ar ailíniú leis na cleachtais agus leis na caighdeáin atá ann faoi láthair, tabharfar aghaidh freisin ar na fadhbanna dá dtagraítear thuas.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo mar chuid de phacáiste tionscnamh reachtach atá dírithe ar rannchuidiú leis na spriocanna maidir le dícharbónú, digitiú agus athléimneacht bhreise i mbonneagar iompair. Sa bhreis ar an athbhreithniú ar Threoir ITS, áirítear sa phacáiste sin athbhreithniú ar Rialachán TEN-T⁸ agus ar phacáiste na soghluaisteachta uirbí⁹, ina bhfuil forálacha a bhaineann le húsáid sheirbhísí CCI araon. Mar shampla, leis an athbhreithniú ar Rialachán TEN-T tugtar aghaidh ar na modhanna chun teagmhais a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bhrath, rud a fhágann gur féidir faisnéis tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar d'úsáideoirí bóithre faoin togra seo.

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an togra le haghaidh rialachán nua maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid a thíolaic an Coimisiún an 14 Iúil 2021¹⁰, lena n-aisghairfí Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bonneagar breoslaí ionadúla a úsáid¹¹. Ní mór na sonraí maidir le pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo a chur ar fáil trí na Pointí Rochtana Náisiúnta a bunaíodh faoi Threoir CCI.

Tá an togra seo comhsheasmhach agus ailínithe le creataí dlíthiúla eile i réimse an iompair, amhail an Rialachán maidir le Faisnéis Leictreonach ar Iompar Lastais (eFTI)¹² agus reachtaíocht eile a bhaineann le modhanna éagsúla iompair, go háirithe maidir leis an raon feidhme a shainmhíniú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus maidir leis an mbreisluach a ghabhann le forbairt seirbhísí digiteacha le haghaidh soghluaisteacht ilmhódach.

Maidir le sábháilteacht ar bhóithre, dearbhaíodh sa straitéis an cuspóir maidir le dola na mbásanna do gach modh iompair san Aontas a laghdú go nialasach faoi 2050. Maidir le hiompar de bhóthar, tá roinnt gníomhaíochtaí i raon feidhme na Treorach maidir le Córais Chliste Iompair a chuidíonn leis an gcuspoir uailmhianach seo. Mar shampla, is beart iarthuairte é eCall chun dlús a chur le hamanna freagartha éigeandála agus, dá bhrí sin, líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú. Le CCI Comhoibríoch is féidir le feithiclí, le bonneagar iompair agus le húsáideoirí eile bóthair a ngníomhaíochtaí a chur in iúl agus a chomhordú. D'fhéadfadh SCI Comhoibríoch líon agus déine na dtionóiscí a laghdú go mór. Cuireann seirbhísí faisnéise maidir le himeachtaí a bhaineann le sábháilteacht nó páirceáil shábháilte shlán truailí le sábháilteacht úsáideoirí bóthair. Le hinfhaighteacht éigeantach na sonraí rithábhachtacha i bhformáid atá inléite ag meaisín, feabhsófar feidhmiú seirbhísí sábháilteachta amhail cúnamh cliste luais, agus cuirfear feabhas ar shábháilteacht tráchta trí sheirbhísí faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht a dhéanamh éigeantach.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

⁹ https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/clean-transport-urban-transport/urban-mobility_ga

¹⁰ COM(2021) 559 críochnaitheach.

¹¹ IO L 307, 28.10.2014, lch. 1.

¹² IO L 249, 31.7.2020, lch. 33.

Tá an togra seo comhleanúnach leis na rialacha maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí, amhail na rialacha a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³.

Ina theannta sin, tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962¹⁴ ón gCoimisiún maidir le seirbhís faisnéise tráchta fíor-ama a sholáthar ar fud an Aontais¹⁵. Leis an athbhreithniú sin atá ar na bacáin, táthar ag súil go sainaithneofar cineálacha sonraí rithábhachtacha áirithe agus go dtabharfar isteach cineálacha sonraí rithábhachtacha áirithe a bhaineann le rialacháin tráchta: (i) srianta meáchain/fad/leithid/airde; (ii) sráideanna aontreo; Agus (iii) teorainneacha srianta, toirmeasc nó oibleagáidí le bailíocht chríosach, stádas rochtana reatha agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i gcriosanna tráchta rialáilte. Tá an togra seo comhsheasmhach leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar an ngníomh tarmligthe. Ina theannta sin, toisc a thábhachtaí atá na trí phointe sonraí breise sin, a luaithe a ghlacfar an gníomh tarmligthe nua, beidh sé iomchuí a mheas iad a chur ar an liosta de na cineálacha sonraí a mbeidh a n-infhaighteacht agus a soláthar éigeantach.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Fógraíodh sa straitéis Eorpach le haghaidh sonraí go mbunófaí spásanna sonraí coiteanna, idir-inoibritheacha ar fud an Aontais in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha agus i réimsí a bhaineann le leas an phobail. Áirítear spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta sna spásanna sonraí seo. Is cuid thábhachtach de spás coiteann sonraí soghluaisteachta na hEorpa í an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair, toisc go bhforáiltear inti d'infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí tráchta ilmhódaigh agus sonraí taistil maidir le Pointí Rochtana Náisiúnta.

Leis na sonraí sin, tugtar tacaíocht ar leith d'ardchórais cúnaimh tiománaí, amhail na córais nua feithiclí faoin Rialachán (AE) maidir le Sábháilteacht Ghinearálta 2019/2144¹⁶.

Rinneadh an togra a ailíniú le creataí dlíthiúla eile de chuid an Aontais amhail an Rialachán Ghinearálta (AE) maidir le Cosaint Sonraí 2016/679¹⁷, an Treoir maidir le Ríomhphríobháideachtas 2002/58/CE¹⁸ agus an Rialachán (AE) maidir le Sábháilteacht Ghinearálta 2019/2144¹⁹. I gcás inarb iomchuí, ní mór do na bearta dá bhforáiltear sa togra seo aird chuí a thabhairt ar an Acht um Intleacht Shaorga²⁰ atá le teacht.

Tacaíonn an Treoir seo le beartais T&I i réimse na haeráide, an fhuinnimh agus na soghluaisteachta faoin gCreatchlár Taighde 2021-2027 Fís Eorpach maidir le taighde agus forbairt teicneolaíochtaí nuálacha i réimse an Chórais Chliste Iompair, Córais Chliste Iompair Chomhoibritheacha (C-ITS) agus CCAM.

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 172, 17.5. 2021, lch. 1).

¹⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise taistil fíor-ama ar fud an Aontais (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21).

¹⁵ Táthar ag súil go nglacfar an gníomh tarmligthe i R1 2022.

¹⁶ IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

¹⁷ IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

¹⁸ IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

¹⁹ IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

²⁰ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (gníomh um intleacht shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais (COM(2021) 206 críochnaitheach).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Ní athraíonn an leasú bunús dlí Threoir CCI, arb é Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh é.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tugtar aghaidh sa Treoir maidir le Córais Chliste Iompair ar ghnéithe trasnáisíúnta den iompar nach féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go sásúil leo féin, amhail idir-inoibritheacht trealaimh agus neartú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí CCI ar an leibhéal domhanda. Dá bhrí sin, cuireann sé le poist agus le fás.

De réir phrionsabal na coimhdeachta, tá treoir nó treoir réime amhail Treoir CCI fós ar cheann de na bealaí is iomchuí chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach. Leagtar amach na prionsabail uileghabhálacha agus na coinníollacha cumasúcháin do chur chun feidhme CCI trí úsáid a bhaint as sonraíochtaí a forbraíodh le rannpháirtíocht láidir saineolaithe téamacha arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

Measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh sé éigeantach cineálacha áirithe sonraí agus seirbhísí CCI a chur ar fáil agus a sholáthar. Tá liostaí tosaigh de na sonraí agus de na seirbhísí sin san áireamh sa togra. Áirítear sa togra sásra chun na liostaí sin a nuashonrú freisin, bunaithe ar chomhairliúchán neartaithe leis na páirtithe leasmhara agus ar fhormheas foirmiúil roimh ré ó na Ballstáit.

Faoi chuimsiú a shainphribhléidí institiúideacha, neartóidh an Coimisiún freisin ról an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um CCI, a bhfuil ionadaithe aige ó pháirtithe leasmhara ábhartha CCI ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach. Cuireann na páirtithe leasmhara sin comhairle ar an gCoimisiún maidir leis na gnéithe gnó agus teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme agus imscaradh CCI san Aontas.

- **Comhréireacht**

De réir prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuid spriocanna a bhaint amach. Measann an Coimisiún gur bearta iad uile atá comhréireach ó thaobh a dtionchar de, faoi mar a léiríodh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an tionscnamh seo²¹. An idirghabháil atá beartaithe: (i) raon feidhme na Treorach CCI a oiriúnú do réimsí seirbhíse nua agus cinn atá ag teacht chun cinn; (ii) na ról agus an comhordú idir na geallsealbhóirí a neartú; agus (iii) lena dtugtar sainordú go mbeidh sonraí rithabhachtacha ar fáil agus go soláthrófar seirbhísí riachtanacha. Tá sé sin riachtanach chun an creat dlíthiúil do CCI a chur in oiriúint do thórdhreach atá ag athrú, agus chun a áirithiú go mbeidh na sonraí agus na seirbhísí is gá ar fáil chun tacú le cuspóirí na straitéise.

- **An rogha ionstraime**

Mar gheall ar na hathruithe teoranta ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair, measann an Coimisiún gurb é leasú an rogha is fearr chun an Treoir a athbhreithniú.

²¹

Cuir isteach tagairt

3. TORTHÁÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht *ex-post* ‘REFIT’ ar Threoir CCI go bhfuil raon feidhme Threoir CCI fós ábhartha sa lá atá inniu ann, agus go bhfuil na réimsí tosaíochta sainaitheanta fós ag clúdach na dtopaicí, na seirbhísí agus na sonraí ábhartha. Mheas na páirtithe leasmhara gur chuidigh an Treoir agus a gníomhartha tarmlichte freisin le seachtrachtaí diúltacha an iompair a laghdú.

Ag an am céanna, mar thoradh ar fhorbairtí sa tsochaí agus sa teicneolaíocht, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur ghá aird bhreise a thabhairt ar roinnt réimsí sa todhchaí. Go háirithe, measadh sa mheastóireacht gur ghá aird bhreise a thabhairt ar an tsoghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibríthe. Thairis sin, bhíothas ag súil leis an meastóireacht go mbainfí leas as seirbhísí leanúnacha ar fud an Aontais dá n-áiritheofaí infhaighteacht na sonraí ábhartha agus bonneagar CCI. Baineadh de thátal as an meastóireacht freisin nár úsáideadh ach líon teoranta seirbhísí idir-inoibritheacha CCI go dtí seo. Leagadh béim sa mheastóireacht ar an drogall leanúnach atá ann sonraí a roinnt, atá ina dtoisc theoranta i gcónaí, agus ar an ngá atá ann feabhas a chur ar an gcomhar leis na geallsealbhóirí agus idir na geallsealbhóirí.

Sainithníodh sa mheastóireacht na fadhbanna a bhfuiltear ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu leis an togra, eadhon: (i) easpa idir-inoibritheachta agus leanúnachais feidhmeanna, córas agus seirbhísí; (ii) easpa comhbheartaithe agus comhair éifeachtaigh i measc páirtithe leasmhara; agus (iii) na saincheistanna gan réiteach a bhaineann le hinfhaighteacht agus comhroinnt sonraí chun tacú le seirbhísí CCI.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leis an bpróiseas comhairliúcháin²², cuireadh na spriocghrúpaí príomha i mbun trí mhodh éagsúla: Comhairliúchán poiblí, comhairliúchán poiblí oscailte, agus comhairliúchán spriocdhíríthe. Pléitear gach ceann de na modhanna sin sna míreanna thíos.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar an measúnú ar thionchar tionscanta (IIA)²³ le haghaidh an tionscnaimh seo, comhairliúchán a bhí ar siúl ón 8 Deireadh Fómhair go dtí an 19 Samhain 2020. Fuair an Coimisiún 34 bhfreagra ar an gcomhairliúchán poiblí sin, ó chuideachtaí, ó chomhlachais ghnó agus ó údarais phoiblí den chuid is mó. Thug eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí tomhaltóirí agus an pobal freagra ar IIA freisin.

Seoladh comhairliúchán oscailte poiblí an 3 Samhain 2020 agus fágadh ar oscailt é go dtí an 2 Feabhra 2021. Thug an ceistneoir sa chomhairliúchán poiblí oscailte cuireadh do na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt faoi phríomhghnéithe an mheasúnaithe tionchair, eadhon: (i) na príomhfhadhbanna ar a dtugtar aghaidh sa mheasúnú tionchair; (ii) cúiseanna na bhfadhbanna sin; (iii) bearta beartais a d’fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus ar na tosca sin; (iv) tionchair dhóchúla na mbeart beartais seo a d’fhéadfadh a bheith ann; agus (v) ábharthacht na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. Fuair an Coimisiún 149 freagra san iomlán.

²² Tá tuilleadh sonraí in Iarscríbhinn F a ghabhann leis an staidéar tacaíochta, ina bhfuil tuarascáil ar an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

²³ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12534-Intelligent-transport-systems-review-of-EU-rules-_ga

Bhí ceithre chuid sna comhairliúcháin spriocdhírthe, a leagtar amach sna pointí le hurchair thíos.

— Seoladh suirbhé ar líne le haghaidh gach grúpa na bpríomhpháirtithe leasmhara an 15 Feabhra 2021 agus d’fhan sé ar oscailt go dtí an 26 Márta 2021.

— Seoladh clár agallaimh le 53 páirtí leasmhar ó grúpaí uile na bpríomhpháirtithe leasmhara an 16 Feabhra 2021 agus d’fhan sé ar oscailt go dtí an 6 Bealtaine 2021. Ina theannta sin, rinneadh sé agallamh taiscéalaíocha le príomhpháirtithe leasmhara le linn chéim tionscanta an staidéir (Samhain/Nollaig 2020).

— Bhí sé cheardlann do pháirtithe leasmhara ar siúl idir mí na Nollag 2020 agus mí an Mheithimh 2021.

— Tionóladh cruinnithe den Choiste Eorpach ITS an 17 Nollaig 2020 agus an 28 Meitheamh 2021.

Le linn na tréimhse ina n-ullmhaítear an measúnú tionchair, bhuail an Coimisiún le raon leathan geallsealbhoirí agus fuair sé roinnt páipéar seasaimh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus an tionscnamh seo á ullmhú, bhain an Coimisiún úsáid as an méid seo a leanas: (i) torthaí na meastóireachta *ex-post* ar an Treoir CCI²⁴; (ii) tuarascáil ón gCoimisiún a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach²⁵; agus (iii) na tuarascálacha 2020 ar dhul chun cinn ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na Treorach CCI²⁶.

Chuir na páirtithe leasmhara a lán faisnéise ar fáil sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin freisin, mar aon leis an bhfaisnéis a chur páirtithe leasmhara ar fáil don Choimisiún ar bhonn ad hoc. Tá an measúnú tionchair ag brath cuid mhór ar staidéar tacaíochta seachtrach a ghabhann leis, ar staidéar é a rinne comhairleoir²⁷.

Tháinig foinse eile faisnéise ó chleachtadh comhairliúcháin leathan a rinne an Coimisiún le sainghrúpa na mBallstát maidir le CCI²⁸ ar shainiú cineálacha sonraí rithábachtacha. Rinneadh an beart sin mar chuid den athbhreithniú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún.

Ar an iomlán, is líonmhar na foinsí a úsáidtear chun an tuarascáil ar an measúnú tionchair a dhréachtú. Tá na foinsí céanna cuimsitheach agus ionadaíonn siad do na grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla.

- **Measúnú tionchair**

Fuair an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an tuarascáil ar an measúnú tionchair an 25 Lúnasa 2021. D’eisigh an Bord tuairim dhearfach ar an tuarascáil an 27 Meán Fómhair 2021. Mheas an Bord go mba cheart an tuarascáil a fheabhsú a thuilleadh sna nithe seo a leanas a

²⁴ SWD(2019) 368 críochnaitheach.

²⁵ COM/2019/464 críochnaitheach.

²⁶

https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive/its-national-reports_ga

²⁷ Tuarascáil deiridh, staidéar tacaíochta don mheasúnú tionchair ‘Staidéar Tacaíochta um Measúnú Tionchair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Córas Cliste Iompair (2010/40/AE)’, 2021.

²⁸ Cód E01941 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’Eintitis Eile den Saghas Céanna.

dhéanamh: (i) raon feidhme an tionscnaimh, mar shampla an chaoi a gcuirfidh sé leis an ilmhódúlacht agus le cuspóirí an Mhargaidh Ghlais; (ii) na fadhbanna sonracha a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu agus na roghanna beartais is criticiúla; (iii) anailís ar thionchair; (iv) rogha na rogha beartais tosaíochta; agus (v) tuairimí na bpáirtithe leasmhara.

Sa tuarascáil deiridh ar an measúnú tionchair áirítear tuairisc chuimsitheach agus measúnú cuimsitheach ar bhreisluach an tionscnaimh agus ar na naisc atá aige le tionscnaimh bheartais eile i Roinn 1 go Roinn 4. Tá cur síos mionsonraithe ar na roghanna beartais ar áireamh i Roinn 5. Cuirtear anailís chuimsitheach ar thionchar na roghanna uile i láthair i Roinn 6, agus déantar comparáid idir na roghanna beartais i Roinn 7. Tá achoimre feidhmiúcháin an mheasúnaithe tionchair agus tuairim an Bhoird ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin²⁹.

Rinneadh trí rogha bheartais a anailisiú sa tuarascáil deiridh ar an measúnú tionchair. Tá achoimre ar gach ceann de na trí rogha sin leagtha amach sna trí phointe le hurchair thíos.

- Rogha beartais 1: Prionsabail neartaithe maidir le comhordú agus imscaradh. Tugann an chéad rogha beartais seo isteach an líon is mó beart beartais. Mar sin féin, glacann sé cur chuige éadrom den chuid is mó, lena n-áirítear na bearta a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) leasuithe ar an Treoir chun gur féidir cur lena hoibriú i réimsí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn; (ii) aghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta i gcomhar le geallsealbhóirí agus bearta chun comhordú a fheabhsú; agus (iii) comhchuibheas fhorálacha na Treorach le forálacha ionstraimí dlíthiúla eile atá ann cheana a áirithiú. Áirítear ann freisin bearta arb é is aidhm dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) comhordú na ngeallsealbhóirí iomchuí go léir a neartú tuilleadh; (ii) codanna den chreat rialachais a institiúidiú; agus (iii) an Treoir a dhéanamh slán i bhfad na haimsire chun go bhfeidhmeoidh sí i gcás tionscnaimh bheartais an Aontais atá ar an eolas go luath.
- Rogha beartais 2: Sainordú a thabhairt sonraí rithábhachtacha a bhailiú agus a bheith ar fáil. Leis an idirghabháil sin, tá sé éigeantach sonraí a bhailiú agus a roinnt atá rithábhachtach d'oibriú na seirbhísí riachtanacha mar mhodh chun borradh a chur faoi imscaradh na seirbhísí sin. Coinnítear gach gné eile de rogha beartais 1 leis na bearta sin agus tá sé d'aidhm acu freisin feabhas a chur ar na nithe seo a leanas: (i) infhaighteacht sonraí; (ii) cáilíocht na sonraí; (iii) rochtain ar shonraí; (iv) malartú sonraí; agus (v) úsáid sonraí.
- Rogha beartais 3: Soláthar seirbhísí riachtanacha a shainordú. Tá an deis san idirghabháil sin cur in úsáid éigeantach seirbhísí riachtanacha a thabhairt isteach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Baineann sé leas go háirithe as infhaighteacht mhéadaithe, cáilíocht, malartú agus úsáid na sonraí a chuirtear chun cinn le rogha beartais 2, agus is é is aidhm dó tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'úsáid seirbhísí idir-inoibritheacha leanúnacha.

Is léir gur fearr leis an gCoimisiún rogha beartais 2 seachas rogha beartais 1, toisc go mbaintear amach léi i bhfad níos mó sochar agus an cóimheas costais is tairbhe is fearr. Le bailiú éigeantach sonraí agus glacadh seirbhísí CCI mar thoradh air sin, méadaítear éifeachtacht na Treorach maidir le cuspóirí na Treorach CCI a bhaint amach agus déantar é níos comhleanúnaí. Ciallaíonn bailiú éigeantach sonraí a theorannú do shonraí rithábhachtacha – agus do na buntáistí an-suntasach a thiocfadh as na sonraí rithábhachtacha sin a bhailiú – go bhfuil rogha beartais 2 comhréireach.

²⁹

Cuir isteach tagairt

Tá an difríocht sna glansochair idir rogha beartais 2 agus rogha beartais 3 níos lú ná an difríocht idir na glansochair i rogha beartais 1 agus rogha beartais 2. Mar sin féin, tá na difríochtaí idir glansochair idir rogha beartais 2 agus rogha beartais 3 an-suntasach i gcónaí. Is é an phríomhdhifríocht ná méadú suntasach ar na sochair a bhaineann le sábháilteacht a bhfuiltear ag súil leo i rogha beartais 3 i gcomparáid le rogha beartais 2. Cé go bhfuil leibhéal méadaithe costas i gceist le rogha beartais 3, tá cóimheas imeallach costais is tairbhe na gcostas breise agus na sochar breise a thugann rogha beartais 3 fós dearfach. Is é an rogha beartais is comhleanúnaí é freisin. Tá soláthar éigeantach seirbhísí riachtanacha CCI le haghaidh sábháilteachta ar bhóithre – cé go dtugtar isteach costais chomhlíonta shuntasacha – comhréireach freisin.

Dá bhrí sin, is í rogha beartais 3 (lena n-áirítear roghanna beartais 1 agus 2) an rogha beartais is fearr leis an gCoimisiún toisc: (i) go ngineann sé na glansochair is mó; (ii) gurb í an rogha is éifeachtaí í; (iii) gurb é an bealach is fearr is féidir cuspóirí sonracha na Treorach CCI a bhaint amach; agus (iv) is fearr a áirithíonn sé go gcuirfear seirbhísí CCI i mbun oibre go gasta comhleanúnach i gcomhréir le cuspóirí na straitéise.

Áirítear sa mheasúnú tionchair cur síos mionsonraithe ar na bearta beartais a áirítear faoi na roghanna beartais éagsúla, chomh maith le príomhthionchair, príomhchostais agus príomhbhuntaistí gach rogha beartais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Laghdóidh an togra costais riaracháin na mBallstát, toisc go ndéantar oibleagáidí tuairiscithe athfhillteacha a chuíchóiriú leis, agus go bhféadfar úsáid a bhaint as córas coiteann chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach agus a gníomhartha tarmlichte. Bunaithe ar theimpléad coiteann agus ar phríomhtháscairí feidhmíochta coiteanna, beidh sé níos éasca freisin anailís a dhéanamh ar thuarascálacha agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. Mar sin féin, d'fhéadfadh an togra méadú a dhéanamh ar na costais chomhordúcháin a bhaineann le bailiú sonraí, go háirithe maidir le húdaráis áitiúla.

Ní sprioc shonrach de chuid na mbeart beartais iad FBManna, agus ní thugtar le fios go mbeidh tionchar difreáilte ag na bearta beartais ar chuideachtaí de mhéideanna éagsúla. Thiocfadh margadh ilroinnte chun cinn, áfach, gan sonraíochtaí sonraí nua agus ceanglais chaighdeánacha nua a thabhairt isteach agus gan úsáid fhorleathan a bhaint as na Pointí Rochtana Náisiúnta. Dá leanfaí leis an margadh ilroinnte sin, d'fhéadfadh sé buntáiste comparáideach a chruthú do chuideachtaí móra i gcomparáid le FBManna. I margadh comhchuibhithe le caighdeáin chomhchuibhithe, bainfidh FBManna tairbhe as bacainní níos ísle ar iontráil chun a gcuid oibríochtaí a leathnú agus dul san iomaíocht ar bhonn cothrom le fiontair mhóra.

Táthar ag súil go gcuirfidh an togra go mór le spás coiteann sonraí soghluaisteachta na hEorpa a bhunú, faoin Straitéis Eorpach le haghaidh sonraí. Cuirfidh sé le spás coiteann sonraí soghluaisteachta na hEorpa trí infhaighteacht sonraí ar na Pointí Rochtana Náisiúnta a mhéadú, agus trí athúsáid sonraí a shimpliú trí na malartuithe sonraí a chaighdeánú agus trí choinníollacha rochtana a chomhchuibhiú.

- **Ceartha bunúsacha**

D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le soghluaisteacht shábháilte, inbhuanaithe, chliste agus athléimneach, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí air próiseáil a dhéanamh ar shonraí taistil, tráchta nó bóithre lena n-áirítear sonraí pearsanta. Nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun cuspóirí na Treorach maidir le Córais Chliste Iompair a bhaint amach, rialacha níos mionsonraithe, e.g. na rialacha maidir le sonraí a bhailiú ar ina leith nach féidir cuspóirí sonracha a leagan síos ach i ngníomhartha treasacha atá bunaithe uirthi. Agus na gníomhartha

sin á moladh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na ceanglais maidir le cosaint sonraí san áireamh go cuí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Creat C-ITS an Aontais chun cumarsáid iontaofa shlán a chur ar fáil**

Baineann an Coimisiún leas as an taithí oibríochtúil atá aige maidir le 'Struchtúr slándála do bhonneagar nasctha agus d'fheithiclí nasctha san Eoraip' a chur chun feidhme, gníomhaíocht lena gcuirtear de chúram ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde cur chun feidhme na céime píolótaí (2018-2022) de chóras bainistithe slándála chomhoibríoch an Aontais (C-ITS).

Go dtí go gcuirfear córas den sórt sin ar bhonn foirmiúil i gcreat ceangailteach (agus go bhféadfaí eintitis thiomnaithe a bhunú amach anseo chun é a rialú), aithnítear gurb é an Coimisiún an t-ábhar a ghlacfaidh ról údarás beartais teastais C-ITS, bainisteoir liosta iontaobhais, agus pointe teagmhála C-ITS.

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe maidir le faireachán, meastóireacht agus tuairisciú**

Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre gach 5 bliana, ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a bhféadfar sonraíochtaí Eorpacha féideartha a ghlacadh ina leith, nó sonraí breise nó seirbhísí CCI a shainordú.

Tuairisceoidh na Ballstáit gach 3 bliana maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu i gcur chun feidhme na Treorach agus a gníomhartha tarmligthe, agus úsáid á baint acu as teimpléad coiteann agus príomhtháscairí feidhmíochta comhchoiteanna.

Agus tuarascálacha na mBallstát á n-úsáid aige mar bhonn, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bliana maidir le cur chun feidhme na Treorach.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

I gcomhréir le haithris 27 den togra, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena mbearta trasuite le doiciméid tacaíochta. Tá sé sin riachtanach mar gheall ar na forálacha nua a leagtar síos leis an togra chun sonraí a bhailiú agus seirbhísí a chur in úsáid. D'fhéadfadh sé gur ghá reachtaíocht náisiúnta bhreise a ghlacadh nó leasú a dhéanamh ar na forálacha nua sin. Ionas go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar thrasúí ceart, tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún doiciméid tacaíochta ina léirítear cé na forálacha atá ann cheana nó na forálacha nua faoin dlí náisiúnta atá ceaptha chun na bearta aonair a leagtar amach sa Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear leis an togra seo Treoir 2010/40/AE maidir leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair, arna leasú le Cinneadh (AE) 2017/2380 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle³⁰. Tá struchtúr na Treorach leasaithe maidir le Córais Chliste Iompair leagtha amach sna pointí le hurchair thíos.

- Le hAirteagal 1(1) oiriúnaítear Airteagal 1 den Treoir reatha, ina leagtar amach ábhar agus raon feidhme na Treorach trí infhaighteacht sonraí agus imscaradh seirbhísí a chur le hábhar agus le raon feidhme na Treorach atá ann faoi láthair.
- In Airteagal 1(2) déantar teideal na gceithre réimse tosaíochta den Treoir reatha a thabhairt cothrom le dáta in Airteagal 2 den Treoir atá ann faoi láthair, ós rud é go ndéantar na réimsí tosaíochta a atheagrú de réir na gcineálacha seirbhísí CCI.
- Le hAirteagal 1(3) leathnaítear, i gcás inar gá agus de réir mar is iomchuí, liosta sainmhínithe na Treorach atá ann faoi láthair i bhfianaise na n-athruithe foriomlána ar raon feidhme agus ar fhorálacha na Treorach leasaithe.
- Le hAirteagal 1(4) leathnaítear na ceanglais atá ar na Ballstáit in Airteagal 5 maidir lena gcomhar i ndáil le seirbhísí CCI a imlonnú i gcur i bhfeidhm na sonraíochtaí a glacadh faoin Treoir.
- Airteagal 1(5) tugtar cothrom le dáta in Airteagal 6 an tagairt don reachtaíocht atá ann cheana agus comhlánaítear an tagairt do Chinneadh Uimh. 768/2008/CE.
- Déantar foráil in Airteagal 1(6) maidir le hAirteagal nua lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil le haghaidh na gcineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III nua agus a n-inrochtaineacht ar Phointí Rochtana Náisiúnta, agus d'airteagal nua lena gcuirfear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear seirbhísí CCI atá liostaithe in Iarscríbhinn IV nua in úsáid.
- Le hAirteagal 1(7), cuirtear forálacha le hAirteagal 7 den Treoir reatha maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III agus ar Iarscríbhinn IV trí ghníomhartha tarmlichte, faoi réir measúnú tionchair roimh ré lena n-áirítear anailís costais agus tairbhe.
- Déantar foráil in Airteagal 1(8) maidir le hAirteagal nua lena n-údaraítear don Choimisiún bearta eatramhacha a ghlacadh i gcás éigeandála a bhfuil tionchar díreach tromchúiseach aici ar shábháilteacht ar bhóithre, ar chibearshlándaíl nó ar infhaighteacht agus sláine sheirbhísí CCI.
- Déantar tagairt in Airteagal 8 den Treoir reatha a thabhairt cothrom le dáta le hAirteagal 1(9).
- Le hAirteagal 1(10) cuirtear rialacha nuashonraithe maidir le cosaint agus príobháideacht sonraí in ionad Airteagal 10 den Treoir atá ann faoi láthair, an téacs a chuíchóiriú trí dheireadh a chur le dúbláil na n-oibleagáidí atá ann cheana faoi rialacha cosanta sonraí, e.g. maidir le slándáil sonraí pearsanta a phróiseáiltear agus maidir leis an ngá atá ann do rialaitheoirí a gcuid oibleagáidí eile faoi na rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh. Leagann sí béim freisin ar an gceanglas ar an gCoimisiún ceanglais maidir le cosaint sonraí a chur san áireamh agus sonraíochtaí á bhforbairt.
- Déantar foráil in Airteagal 1(11) d'airteagal nua ar údarás beartais dheimhniú C-ITS, ar bhainisteoir an liosta iontaobhais agus ar phointe teagmhála C-ITS, agus bunaítear leis go saineoidh agus go gcomhlíonfaidh an Coimisiún na ról sin.

³⁰ IO L 340, 20.12.2017, lch. 1.

- Le hAirteagal 1(12) oiriúnaítear Airteagal 12 den Treoir reatha maidir leis an dáta óna dtabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
- Cuirtear Airteagal 1(13) in ionad Airteagal 15 den Treoir atá ann faoi láthair maidir leis an nós imeachta Coiste trí thagairtí nuashonraithe a dhéanamh don reachtaíocht atá ann cheana agus an tagairt don nós imeachta scrúdúcháin a chur leis (Airteagal 5 agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011).
- Cuirtear Airteagal 1(14) in ionad Airteagal 17 den Treoir atá ann faoi láthair le rialacha nuashonraithe maidir le tuairisciú na mBallstát (teimpléad comhchoiteann, príomhtháscairí feidhmíochta comhchoiteanna) agus an Choimisiún, chomh maith le rialacha nuashonraithe maidir le cláir oibre na Treorach maidir le Córais Chliste Iompair a ghlacadh.
- Cuirtear ceithre iarscríbhinn in ionad an dá iarscríbhinn den Treoir atá ann faoi láthair in Airteagal 1(15) agus Airteagal 1(16):
 - Le hIarscríbhinn I, cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir reatha in oiriúint trí na réimsí tosaíochta a eagrú de réir na gcineálacha seirbhísí CCI, agus cuirtear leis freisin gníomhaíochtaí nua a chomhfhreagraíonn do sheirbhísí CCI nua agus atá ag teacht chun cinn;
 - Le hIarscríbhinn II, cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir reatha maidir le Córais Chliste Iompair in oiriúint trí roinnt de na prionsabail a thabhairt cothrom le dáta agus a chur léi;
 - liostaítear in Iarscríbhinn III nua na cineálacha sonraí ar gá a n-infhaighteacht agus a n-inrochtaineacht ar na Pointí Rochtana Náisiúnta a áirithiú faoin dáta a léirítear le haghaidh gach cineál sonraí agus ar an gcumhdach geografach a léirítear le haghaidh gach cineál sonraí;
 - liostaítear in Iarscríbhinn IV nua na seirbhísí CCI a bheidh le húsáid faoin dáta atá sonraithe do gach seirbhís CCI agus ar an gcumhdach geografach a shonraítear do gach seirbhís CCI.
- Déantar foráil in Airteagal 2, in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 maidir le trasuí, teacht i bhfeidhm agus seolaithe na Treorach leasaithe.

- **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Tá an gníomh atá beartaithe ábhartha maidir le LEE.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa *Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste* ón gCoimisiún³³, sainithníodh imscaradh na gCóras Cliste Iompair ('ITS') mar ghníomhaíocht lárnach chun an tsoghluaisteacht ilmhódach uathoibrithe nasctha a bhaint amach, agus dá bhrí sin chun rannchuidiú le claochlú an chórais iompair Eorpaigh d'fhonn cuspóir na soghluaisteachta éifeachtúla, sábháilte, inbhuanaithe, cliste, athléimní a bhaint amach. Comhlánaíonn sé sin na gníomhaíochtaí a fógraíodh faoin mbeartas suaitheanta maidir le glasú an iompair lastais chun an lóistíocht ilmhódach a chothú. Fógraíodh sa straitéis chéanna go ndéanfaí athbhreithniú in 2022 ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach chun inrochtaineacht shainordaitheach na dtacar sonraí dinimiciúil a chuimsiú, agus go ndéanfaí measúnú ar an ngá le gníomhaíocht rialála maidir le cearta agus dualgais sholáthraithe na seirbhísí digiteacha ilmhódacha, mar aon le tionscnamh maidir leis an ticéadú, lena n-áirítear an ticéadú iarnróid.
- (2) Sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, deimhnítear an chuspóir líon na marbh ó na modhanna iompair uile san Aontas a laghdú go geall le nialas faoi 2050. Rannchuidíonn roinnt gníomhaíochtaí i raon feidhme Threoir

³¹ IO C , , lch.

³² IO C , , lch.

³³ COM(2020)789 final.

2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ le sábháilteacht úsáideoirí na mbóithre, amhail eCall, seirbhísí faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, agus limistéir pháirceála shlána shábháilte³⁵.

- (3) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip³⁶ cuirtear i dtábhacht an fás atá ag teacht ar ról na soghluaisteachta ilmhódaí uathoibrithe nasctha, mar aon le córais bhainistíochta tráchta cliste atá indéanta de bhua an digitithe, agus leis an gcuspóir tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí iompair agus soghluaisteachta atá nua agus inbhuanaithe agus a fhéadfaidh an brú tráchta agus an truailliú a laghdú, sna limistéir uirbeacha go háirithe.
- (4) Mar gheall ar an ngá méadaitheach atá ann úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí chun cur le hinbhuanaitheacht, éifeachtúlacht agus athléimneacht na slabhraí iompair, tá comhordú feabhsaithe ag teastáil idir an creat ITS agus tionscnaimh eile arb aidhm dóibh roinnt na sonraí in earnálacha na soghluaisteachta, an iompair agus na lóistíochta a chomhchuibhiú agus a éascú ó dhearcadh ilmhódach³⁷.
- (5) I bhfianaise an ghá atá ann leis an iompar de bhóthar a dhigitiú, an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus an brú tráchta a laghdú, ba cheart imscaradh agus úsáid na gcórais agus na seirbhísí cliste iompair ar bhóithre a fhorbairt a thuilleadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair.
- (6) Ina lán Ballstát tá na córais agus na seirbhísí sin á n-imscaradh cheana in earnáil an iompair de bhóthar de réir cláir náisiúnta. Fuarthas sa mheastóireacht ar Threoir 2010/40/AE³⁸, áfach, d'ainneoin feabhsuithe a rinneadh ó glacadh í in 2010, go raibh easnaimh leanúnacha ann ba chúis le himscaradh ilroinnte neamhchomhordaithe na seirbhísí ITS agus le heaspa leanúnachais geografaigh iontu ar fud an Aontais agus ag a theorainneacha seachtracha.
- (7) I gcomhthéacs chur chun feidhme na Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún³⁹ lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE, tá pointí rochtana náisiúnta⁴⁰ (NAPanna) bunaithe ag

³⁴ Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

³⁵ Limistéir a dheimhnítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) .../... an XXX ón gCoimisiún maidir le caighdeáin AE lena mionsonraítear an leibhéal seirbhíse agus slándála le haghaidh limistéir pháirceála shlána shábháilte AE agus nósanna imeachta chun iad a dheimhniú.

³⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.

³⁷ Amhail an spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta agus a chomhpháirteanna, Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33), agus an obair atá ar bun ag an bhFóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta (DTLF).

³⁸

https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive_en

³⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir ITS 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise i dtaca le hionaid pháirceála do thrucaillí agus d'fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte (IO L 247, 18.9.2013, lch. 1);

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis iosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí nuair is féidir (IO L 247, 18.9.2013, lch. 6);

Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21);

na Ballstáit. Leis na NAPanna eagraítear an rochtain ar shonraí a bhaineann leis an iompar, agus athúsáid na sonraí sin, chun tacú le soláthar seirbhísí ITS iompair agus tráchta idir-inoibritheacha ar fud an Aontais d'úsáideoirí deiridh. Is comhpháirt thábhachtach den spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta iad na NAPanna sin faoin Straitéis Eorpach maidir le Sonraí⁴¹ agus ba cheart brath orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht na sonraí.

- (8) Chun a áirithiú go ndéanfar ITS a imscaradh ar bhealach comhordaithe éifeachtach laistigh den Aontas ina iomláine, ba cheart sonraíochtaí a thabhairt isteach - lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, caighdeáin - lena leagfaí síos tuilleadh forálacha agus nósanna imeachta mionsonraithe, sa bhreis ar shonraíochtaí a glacadh cheana. Sula nglacfar aon sonraíocht bhreise nó aon sonraíocht athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a comhlíontacht le prionsabail shainithe áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Ba cheart an tosaíocht a thabhairt, ar an gcéad ásc, do na ceithre príomhréimsí d'fhorbairt agus d'imscaradh ITS. Le linn ITS a chur chun feidhme a thuilleadh, ba cheart an bonneagar ITS atá imscartha cheana ag Ballstát ar leith a chur san áireamh ó thaobh dul chun cinn teicneolaíochta agus iarrachtaí airgeadais de. Ba cheart a áirithiú, más iomchuí, agus go háirithe i gcás córais chliste iompair chomhoibritheacha (C-ITS), nach mbrúnn na ceanglais maidir le ITS úsáid aon chineáil áirithe teicneolaíochta ná nach ndéanann siad idirdhealú ina fhabhar.
- (9) An taithí agus na torthaí a fuarthas cheana féin i réimsí ITS, C-ITS agus na soghluaisteachta chomhoibrithe, nasctha agus uathoibrithe (CCAM), go háirithe i gcomhthéacs ardáin C-ITS⁴² agus CCAM⁴³, an Fhóraithe Eorpaigh um Shoghluaisteacht Ilmhódach Paisinéirí⁴⁴, agus Ardán Chur Chun Feidhme eCall Eorpach⁴⁵, ba cheart an taithí agus na torthaí sin a chur san áireamh, agus ba cheart cur leo, agus na sonraíochtaí á gceapadh.
- (10) Ba cheart an nuálaíocht a chothú leis na sonraíochtaí. Ba cheart, mar shampla, seirbhísí ITS nua a bheith á bhforbairt de bhua sonraí a bheith ar fáil mó sa mhó, agus sa treo eile, ba cheart riachtanais le sonraíochtaí eile amach anseo a shainaithint de bhua na nuálaíochta. Ba cheart don Chomhpháirtíocht Eorpach le haghaidh soghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe faoi Fhís Eorpach tacú le forbairt agus tástáil an chéad rabharta eile de sheirbhísí C-ITS agus cuidiú le comhtháthú na bhfeithiclí arduathoibritheachta i seirbhísí nua soghluaisteachta ilmhódaí.
- (11) Úsáideann C-ITS teicneolaíochtaí lenar féidir le feithiclí bóthair cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus le bonneagar cois bóthair, lena n-áirítear soilse tráchta. Is catagóir de sheirbhísí ITS iad na seirbhísí C-ITS atá bunaithe ar ailtireacht oscailte lena gcumasaítear caidreamh mórán le mórán nó piara le piara idir stáisiúin C-ITS. Dá

agus Rialachán Tarmiligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1).

40

https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive/national-access-points_en

41 COM(2020)66 final.

42 Tagairt E03188 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

43 Tagairt E03657 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

44 Tagairt XXXXX sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

45 Tagairt E02481 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

bhrí sin, ba cheart na stáisiúin uile C-ITS a bheith ag malartú teachtaireachtaí go sábháilte lena chéile seachas iad a bheith teoranta ar theachtairachtaí a mhalartú le stáisiúin réamhshainithe. Éilíonn formhór na seirbhísí go n-áirítear barántúlacht agus sláine na dteachtairachtaí C-ITS ina bhfuil faisnéisí amhail an suíomh, an luas agus an treo-cheann. Dá bhrí sin, ba cheart samhail choiteann Eorpach iontaoibhe C-ITS a chruthú chun caidreamh iontaoibhe a bhunú idir gach stáisiún C-ITS, gan beann ar na teicneolaíochtaí cumarsáide a úsáidtear. Ba cheart an tsamhail iontaoibhe sin a chur chun feidhme trí bheartas a ghlacadh maidir le húsáid bonneagair eochrach poiblí (PKI). Ba cheart gurbh é an liosta iontaoibhe deimhnithe Eorpach an leibhéal is airde den PKI sin, ar liosta é a chomhdhéantar d'iontrálacha i leith gach údaráis fréamhdheimhniúcháin iontaofa san Eoraip. Chun feidhmiú rianúil na samhla iontaoibhe C-ITS sin a áirithiú, ba cheart roinnt cúraimí a thabhairt i gcrích ar leibhéal lárnach. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtugtar na cúraimí sin i gcrích, go háirithe a mhéid a bhaineann le ról an údaráis beartais deimhnithe C-ITS, bhainisteoir an liosta iontaoibhe, agus an phointe teagmhála C-ITS.

- (12) An chuid is mó de na gníomhaíochtaí faoi Threoir 2010/40/AE, cé is moite de eCall, díríodh iad ar idir-inoibritheacht agus inrochtaineacht a áirithiú i gcás na sonraí atá ar fáil i bhformáid dhigiteach inléite ag meaisín cheana agus ar imscaradh na seirbhísí ITS, ach níor leagadh amach leo aon oibleagáid ar na páirtithe leasmhara lena mbaineann na sonraí sin a chur ar fáil nó seirbhísí sonracha a imscaradh. Tá roinnt seirbhísí ITS fíor-riachtanacha in úsáid go forleathan anois: mar shampla, seirbhísí braite teagmhais tríonar féidir seirbhísí faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil, nó sonraí ríthábhachtacha, mar shampla rialacháin tráchta, a thacaíonn le seirbhísí tábhachtacha amhail teorainneacha luais chun tacú le feithiclí atá feistithe le cúnaimh cliste luais faoi Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶. Meastar gur gá soláthar na seirbhísí fíor-riachtanacha ITS sin agus na sonraí ríthábhachtacha sin a bheith sainordaitheach chun a áirithiú go mbeidh na sonraí sin ar fáil go leanúnach agus go soláthrófar na seirbhísí sin go leanúnach ar fud an Aontais. Ba cheart cineáil sonraí agus seirbhísí, ar cheart a soláthar a bheith sainordaitheach, a shainaithint ar bhonn na sonraíochtaí a leagtar amach i ngníomhartha tarmhligthe lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE, agus ba cheart go mbeidís ag luí leis na cineáil sonraí agus leis na seirbhísí a leagtar amach sna gníomhartha sin.
- (13) Léiríonn an staidéar ó 2020 ‘*Mapping accessible transport for persons with reduced mobility*’⁴⁷ (‘Iompar inrochtana le haghaidh daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu a mhapáil’) nach féidir, faoi láthair, turais a phleanáil ar bhealach iontaofa agus gnéithe inrochtaineachta á úsáid mar athróa cuardaigh, de cheal sonraí leordhóthanacha maidir leis na gnéithe sin. Chun inrochtaineacht an chórais iompair a

⁴⁶ Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

⁴⁷ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/dfa0c844-3b5f-11eb-b27b-01aa75ed71a1>

fheabhsú a thuilleadh agus chun an taisteal a éascú le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, ní mór sonraí maidir le nóid rochtana agus lena ngnéithe inrochtaineachta a bheith ar fáil do sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha.

- (14) Tá sé le tuiscint ón bhfás ar an gcomhtháthú idir córais ITS agus ardchórais cúnaimh tiománaí, nó idir córais feithiclí agus córais bhonneagair go ginearálta, go mbeidh na córais sin ag brath mó sa mhó ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn siad dá chéile. Is amhlaidh atá sé i gcás C-ITS go háirithe. Tiocfaidh méadú ar an spleáchas sin de réir mar a bhainfear ardleibhéil uathoibrithe amach. Ar na hardleibhéil uathoibrithe sin, meastar go n-úsáidfear an chumarsáid idir feithiclí agus bonneagar chun gluaiseachtaí a eagrú agus réidhe na sreafaí tráchta a fheabhsú, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht an iompair freisin. Dá bhrí sin, dá gcuirfí sláine na seirbhísí ITS i mbaol, d'fhéadfadh sin tionchar tromchúiseach a imirt ar an tsábháilteacht ar bhóithre, mar shampla dá gcuirfí teorainn luais mícheart in iúl nó dá ndéanfadh feithicil stad éigeandála mar gheall ar chontúirt nárbh ann di. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i staideanna éigeandála nuair a chuirtear sláine na seirbhísí ITS i mbaol, chun frithbhearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na staide sin agus ar a hiarmhairtí. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh a luaithe is féidir agus ba cheart iad a bheith infheidhme láithreach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸. Ag féachaint don ghá le leanúnachas an iompair a áirithiú, is iomchuí an fadú ar bhailíocht an bhirt sin thar 6 mhí a chur i bhfeidhm trí bhithin na rogha dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart deireadh a theacht leis na frithbhearta sin a luaithe agus a chuirtear réiteach malartach chun feidhme nó a réitítear an staid éigeandála.
- (15) Nuair a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta de thairbhe imscaradh agus úsáid na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí ITS, ba cheart an phróiseáil sin a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint na sonraí pearsanta agus an príobháideachais, mar a leagtar amach, go háirithe, i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹ agus i dTreoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁰.
- (16) I gcás ina mbaineann na sonraíochtaí atá le forbairt faoin Treoir seo le próiseáil na sonraí pearsanta, ba cheart ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE a thabhairt san áireamh iontu. Go háirithe, in aon chás inar féidir na cuspóirí atá i gceist a bhaint amach chomh maith céanna agus sonraí anaithnide á n-úsáid seachas sonraí pearsanta, ba cheart an t-anaithnidiú a spreagadh mar cheann de na teicnící lenar féidir príobháideachas na ndaoine aonair a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabal chosaint na sonraí trí dhearadh.

⁴⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁴⁹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁵⁰ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonáil (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (17) Tá feidhm ag Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí⁵¹ i gcás táirgí nach ndéantar foráil níos sonraí i dtaca leo sa reachtaíocht earnála chun críocha an chuspóra sábháilteachta chéanna, agus freisin i gcás nach gcumhdaíonn na ceanglais sábháilteachta dá bhforáiltear le reachtaíocht earnála na gnéithe agus na rioscaí nó na catagóirí de rioscaí a chumhdaítear leis an Treoir sin (rud ar a dtugtar an ‘líontán sábhála’).
- (18) I gcás inar gá measúnú ar chomhréireacht a chur i gcrích, ba cheart forálacha mionsonraithe a bheith sna sonraíochtaí, forálacha lena leagtar síos an nós imeachta lena rialaítear measúnú ar chomhréireacht comhpháirteanna nó ar a n-oiriúnacht lena n-úsáid. Maidir le seirbhísí ITS áirithe, agus go háirithe maidir le seirbhísí C-ITS, tá an idir-inoibritheacht agus comhlíontacht leanúnach roinnt ceanglais fíor-riachtanach chun cearthfheidhmiú sábháilte an chórais a áirithiú. Dá bhrí sin, i gcás inar gá, na sonraíochtaí lena leagtar síos ceanglais maidir le táirgí, ba cheart nósanna imeachta um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear clásal cosanta, a leagan síos leo freisin. Ba cheart na forálacha sin a bheith bunaithe ar Chinneadh 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵², go háirithe maidir leis na modúil le haghaidh na gcéimeanna éagsúla de na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh. Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³, leagtar creat síos maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a bpáirteanna nó a dtrealamh gaolmhar agus maidir le faireachas margaidh orthu, agus le Rialachán (AE) Uimh. 167/2013⁵⁴ agus (AE) Uimh. 168/2013⁵⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar síos rialacha maidir le cineálcheadú feithiclí ar dhá roth nó ar thrí roth agus cuadrothar, agus feithiclí talmhaíochta nó foraoiseachta agus a bpáirteanna nó a dtrealamh gaolmhar. Dá bhrí sin, is dubailt oibre a bheadh ann foráil a dhéanamh maidir le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar threalamh agus ar fheidhmchláir a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha reachtach sin. Mar sin féin, tá feidhm ag na ngníomhartha reachtach sin faoi cheadú feithiclí maidir le trealamh a bhaineann le ITS agus a suitear i bhfeithiclí, ach níl feidhm acu maidir le trealamh agus bogearraí ITS bonneagair bóthair seachtracha, agus ba cheart an trealamh sin agus na bogearraí sin a bheith faoi raon feidhm na Treorach seo. Sna cásanna sin, d’fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh leis na sonraíochtaí. Ba cheart na nósanna imeachta sin a theorannú don mhéid ba ghá i ngach cás ar leith.

⁵¹ Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

⁵² Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

⁵³ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

⁵⁴ Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

⁵⁵ Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

- (19) Nuair a bhíonn córais intleachta saorga i gceist le himscaradh agus úsáid trealaimh agus bogearraí ITS, ba cheart na forálacha ábhartha den Gníomh um an Intleacht Shaorga⁵⁶, atá le teacht, a chur san áireamh.
- (20) I gcás feidhmchláir agus seirbhísí ITS a mbíonn seirbhísí uainiúcháin agus suiteála cruinne ráthaithe ag teastáil ina leith, ba cheart úsáid a bhaint as bonneagair atá bunaithe ar shatailítí nó as aon teicneolaíocht a sholáthraíonn leibhéal beachtais coibhéiseach. Ba cheart sineirgí idir earnálacha iompair agus spáis an Aontais a shaothrú chun úsáid níos leithne na dteicneolaíochtaí nua a chothú, teicneolaíochtaí a fhreagraíonn don ghá atá ann le seirbhísí uainiúcháin agus suiteála cruinne ráthaithe. Soláthraíonn Clár Spáis an Aontais, arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁷, sonraí, faisnéis agus seirbhísí ardcháilíochta slána cothrom le dáta a bhaineann leis an spás, agus sin trí chórais Galileo, Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), agus Copernicus.
- (21) Seirbhísí uainiúcháin agus suiteála iontaofa daingnithe a sholáthar, is eilimint fíorriachtanach é sin in oibriú éifeachtach na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí ITS. Dá bhrí sin, is iomchuí a áirithiú go mbeidh siad comhoiriúnach don sásra fíordheimnithe a sholáthraíonn clár Galileo, chun ionsaithe spúfála chomharthaí na gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte ('GNSS') a mhaolú.
- (22) Ba cheart dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear grúpaí saineolaithe eile de chuid an Choimisiúin agus coistí a bhíonn ag plé le gnéithe digiteacha an iompair, agus na cláir oibre a ghlacfaidh an Coimisiún faoi Threoir 2010/40/AE á dtarraingt suas.
- (23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh na dtuarascálacha a bheidh le soláthar ag na Ballstáit a ghlacadh, agus cláir oibre a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁸.
- (24) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na gcineálacha sonraí dá bhfuil na Ballstáit lena áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil a leasú agus chun liosta na seirbhísí ITS a bhfuil na Ballstáit lena n-imscaradh a áirithiú a leasú, ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús teacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart an tréimhse sin a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, ach amháin i gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe agus

⁵⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais (COM(2021) 206 final).

⁵⁷ Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

⁵⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁵⁹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (25) Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún an comhleanúnachas a áirithiú idir gníomhaíochtaí an Choiste a bhunaítear leis an Treoir seo agus gníomhaíochtaí na gCoistí a bhunaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 165/2014⁶⁰, (AE) 2019/1239⁶¹, (AE) 2020/1056⁶² agus (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le Treoracha 2007/2/CE⁶³ agus (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁴.
- (26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit agus/nó leis an earnáil phríobháideach cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon Córais Chliste Iompair idir-inoibritheacha a imscaradh ar bhealach comhordaithe comhleanúnach ar fud an Aontais, agus ós rud é gur fearr is féidir sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (27) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁶⁵, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leis, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

⁵⁹ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

⁶⁰ Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

⁶¹ Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).

⁶² Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

⁶³ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

⁶⁴ Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45).

⁶⁵ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

- (28) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁶ agus thug sé tuairim uaidh an XX XX 2022,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2010/40/AE

Leasaítear Treoir 2010/40/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:
- ‘2a. Leis an Treoir seo, déantar foráil maidir le hinfhaighteacht sonraí agus le seirbhísí ITS a imscaradh laistigh de na réimsí tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus le cumhdach geografach sonrach mar a shonraítear in Iarscríbhinní III agus IV.’;
- (2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Chun críocha na Treorach seo, is réimsí tosaíochta maidir le sonraíochtaí agus caighdeáin a fhorbairt agus a úsáid a bheidh sna réimsí seo a leanas:
- (a) I. Seirbhísí ITS maidir le faisnéis agus leis an tsoghluaisteacht;
- (b) II. Seirbhísí ITS maidir leis an taisteal, an iompar agus bainistíocht an tráchta;
- (c) III. Seirbhísí ITS maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an tslándáil;
- (d) IV. Seirbhísí soghluaisteachta comhoibritheacha, nasctha agus uathoibrithe.’;
- (3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:
- ‘(18) ciallaíonn ‘caighdeán’ caighdeán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).’;

⁶⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(b) cuirtear pointí (19) go (24) seo a leanas isteach:

‘(19) ciallaíonn ‘córais chliste iompair comhoibritheacha’ nó ‘C-ITS’ córais chliste iompair a chuireann ar a gcumas d’úsáideoirí ITS comhoibriú trí theachtaireachtaí daingnithe iontaofa a mhalartú;

‘(20) ciallaíonn ‘seirbhís C-ITS’ seirbhís ITS a sholáthraítear trí C-ITS;

‘(21) ciallaíonn ‘infhaighteacht na sonraí’ sonraí a bheith ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín;

‘(22) ciallaíonn ‘Pointe Rochtana Náisiúnta’ comhéadan digiteach arna bhunú ag Ballstát ar pointe aonair rochtana ar shonraí é, mar a shainítear i sonraíochtaí arna nglacadh de bhun Airteagal 6;

‘(23) ciallaíonn ‘inrochtaineacht na sonraí’ féidearthacht sonraí a iarraidh agus a fháil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín trí Phointí Rochtana Náisiúnta;

‘(24) ciallaíonn ‘seirbhís soghluaisteachta dhigiteach ilmhódach’ seirbhís a sholáthraíonn faisnéis maidir le sonraí tráchta agus taistil, amhail suíomh na saoraidí iompair, sceidil, infhaighteacht nó táillí, i dtaca le níos mó ná modh taistil amháin, agus féadfaidh gnéithe a bheith san áireamh trínar féidir áirithintí nó íocaíochtaí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Sonraíochtaí a chur i bhfeidhm maidir le himscaradh ITS

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na sonraíochtaí arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Airteagal 6 i bhfeidhm ar fheidhmchláir agus ar sheirbhísí ITS, nuair a imscarfar iad, i gcomhréir leis na prionsabail in Iarscríbhinn II. Tá an méid sin gan dochar do cheart gach Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na feidhmchláir agus na seirbhísí sin a imscaradh ar a chríoch. Tá an ceart sin gan dochar do Airteagail 6a agus 6b. I gcás inarb ábhartha, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar chun na sonraíochtaí sin a fhorfheidhmiú.

2. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar freisin i ndáil leis na réimsí tosaíochta, a mhéid nach mbeidh sonraíochtaí arna nglacadh maidir leis na réimsí tosaíochta sin.

3. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar freisin, agus é sin in éineacht le páirtithe leasmhara ábhartha i gcás inar gá, ar ghnéithe oibríochtúla chur chun feidhme agus chomhlíonadh na sonraíochtaí arna nglacadh ag an gCoimisiún, amhail caighdeáin agus próifílí comhchuibhithe AE, sainmhínithe coiteanna, meiteashonraí coiteanna, ceanglais cháilíochta coiteanna agus gnéithe a bhaineann le hidir-inoibritheacht ailtireachtaí na bPointí Rochtana Náisiúnta, coinníollacha coiteanna um malartú sonraí, chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna agus for-rochtana coiteanna.’;

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Gan dochar do na nósanna imeachta a leagtar amach le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, sonrófar sna sonraíochtaí, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit, tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún, rialacha breise a bhunú maidir le seirbhísí CCI a sholáthar ar a geríoch ar fad nó ar chuid di, ar choinníoll nach gcuireann na rialacha sin bac ar an idir-inoibritheacht.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás inarb iomchuí, beidh na sonraíochtaí bunaithe ar aon chaighdeán dá dtagraítear in Airteagal 8.

Cuimseoidh na sonraíochtaí, de réir mar is iomchuí agus go háirithe i gcás ina mbeidh údar maith leis sin ar mhaithe leis an tsábháilteacht agus an idir-inoibritheacht, rialacha maidir le measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh, lena n-áireofar clásal cosanta, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE.

Beidh na sonraíochtaí i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

* Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).’;

(6) Cuirtear na hAirteagail 6a agus 6b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 6a

Infhaighteacht sonraí

Áiríteoidh na Ballstáit, maidir le gach cineál sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, infhaighteacht na sonraí le haghaidh an chumhdaigh gheografaigh a bhaineann leis an gcineál sin sonraí a luaite is féidir agus tráth nach déanaí ná an dáta ábhartha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Áiríteoidh na Ballstáit inrochtaineacht na sonraí sin ar na Pointí Rochtana Náisiúnta faoin dáta céanna.

Airteagal 6b

Seirbhísí ITS a imscaradh

Áiríteoidh na Ballstáit go n-imscarfar na seirbhísí ITS a shonraítear in Iarscríbhinn IV le haghaidh an chumhdaigh gheografaigh a leagtar amach san Iarscríbhinn sin faoin dáta a shonraítear inti.’;

(7) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna 1a agus 1b seo a leanas isteach:

‘1a. Cumhachtaítear an Coimisiún, tar éis measúnú costais is tairbhe agus measúnú tionchair, lena n-áirítear na comhairliúcháin is iomchuí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 chun liosta na gcineál sonraí in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear an dáta cur chun feidhme agus an cumhdach geografach le haghaidh gach cineáil sonraí, a leasú. Beidh na leasuithe sin comhsheasmhach leis na catagóirí sonraí a leagtar amach sa chlár oibre is déanaí arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17(5).

1b. Cumhachtaítear an Coimisiún, tar éis measúnú costais is tairbhe ina gcuirtear na forbairtí margaidh agus na hathruithe teicneolaíochta san áireamh go cuí agus tar éis measúnú tionchair lena n-áirítear na comhairliúcháin is iomchuí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 chun liosta na seirbhísí ITS in Iarscríbhinn IV, lena n-áirítear an dáta cur chun feidhme agus an cumhdach geografach le haghaidh gach seirbhíse ITS, a leasú. Beidh na leasuithe sin i

gcomhréir le liosta na seirbhísí ITS a leagtar amach sa chlár oibre is déanaí arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17(5).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear san Airteagal seo, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 12.’;

(8) Cuirtear an tAirteagal 7a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

Bearta eatramhacha

I gcás staid éigeandála a imríonn tionchar tromchúiseach díreach ar an tsábháilteacht ar bhóithre, ar an gcibearshlándáil, nó ar infhaighteacht nó ar shláine na seirbhísí ITS, agus a d’fhéadfadh dea-fheidhmiú sábháilte chóras iompair an Aontais a chur i mbaol, féadfaidh an Coimisiún, chun an staid sin a leigheas, gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh lena gcuirtear oibleagáidí ar fionraí nó ar bun laistigh de raon feidhme na réimsí tosaíochta a leagtar amach faoi Airteagal 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Beidh siad teoranta go docht d’aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus ar iarmhairtí na staideanna éigeandála sin.’;

(9) in Airteagal 8(1), cuirtear an tagairt do ‘Threoir (AE) 2015/1535’ in ionad na tagartha do ‘Threoir 98/34/CE’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Rialacha maidir le cosaint na sonraí agus leis an bpríobháideachtas

I gcás ina mbaineann sonraíochtaí a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 6 le próiseáil sonraí tráchta, taistil nó bóithre ar sonraí pearsanta iad mar a shainítear in Airteagal 4, pointe (1) de Rialachán (AE) 2016/679*, leagfar síos sna sonraíochtaí céanna catagóirí na sonraí sin agus déanfar foráil iontu maidir le coimircí iomchuí cosanta sonraí pearsanta de bhun Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE. I gcás inarb iomchuí, spreagfar úsáid na sonraí anaithnide.

* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).’;

(11) Cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 10a

Córas bainistíochta dintiúr slándála C-ITS AE

Na sonraíochtaí le haghaidh an réimse tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (d), a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún agus é ag feidhmiú a chumhachtaí de bhun Airteagal 7(1), leagfar síos leo an córas bainistíochta dintiúr slándála C-ITS AE dá dtagraítear i bpointe 4.3 d’Iarscríbhinn I. Cuimseoidh an córas sin na ról seo a leanas:

(a) údarás beartais deimhnithe C-ITS;

(b) bainisteoir liosta iontaoibhe C-ITS;

(c) pointe teagmhála C-ITS.

Beidh an Coimisiún freagrach as a áirithiú go bhfeidhmeofar na ról sin.’;

(12) in Airteagal 12(2), cuirtear ‘[Iarrtar ar Oifig na bhFoilseachán dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo a chur isteach]’ in ionad ‘27 Lúnasa 2017’;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

‘Airteagal 15

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste Eorpach um an gCóras Cliste Iompair (EIC) cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun na míre seo i bhfeidhm go dtí go n-aisghairfear iad. Aisghairfidh an Coimisiún na gníomhartha sin tráth a bheidh deireadh leis an staid éigeandála nó tráth a leasófar an gníomh tarmligthe ábhartha lena bhforlíontar an Treoir seo chun an staid a leigheas, cibé acu is tuisce.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).’;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

‘Airteagal 17

Tuairisciú agus clár oibre

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiún faoin [Dáta an teacht i bhfeidhm + 12 mhí] maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmligthe uile lena bhforlíontar an Treoir seo, maidir lena gcuid tionscadal agus gníomhaíochtaí náisiúnta i dtaca leis na réimsí tosaíochta, agus maidir le cur chun feidhme Airteagail 6a agus 6b.

2. Leagfaidh an Coimisiún síos an teimpléad le haghaidh na dtuarascálacha tosaigh agus na dtuarascálacha ar dhul chun cinn, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus cuimseoidh an teimpléad liosta príomhtháscairí feidhmíochta a bheidh le soláthar sna tuarascálacha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

3. Tar éis an tuarascáil tosaigh, tuairisceoidh na Ballstáit gach 3 bliana faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmhligthe uile lena bhforlíontar an Treoir seo, dá dtagraítear i mír 1.

4. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na Treorach, 18 mí tar éis gach sprioc-ama le haghaidh tuarascálacha ó na Ballstáit. Gabhfaidh anailís faoi fheidhmiú agus cur chun feidhme Airteagail 5 go 11 agus Airteagal 16, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais a úsáidtear agus a theastaíonn, leis an tuarascáil sin, agus tabharfaidh sí measúnú ar an ngá atá leis an Treoir seo a leasú i gcás inarb iomchuí.

5. Faoin [Dáta teacht i bhfeidhm + 12 mí], agus tar éis dó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, glacfaidh an Coimisiún clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(4). Cuimseoidh an clár oibre cuspóirí agus dátaí le haghaidh a chur i bhfeidhm gach bliain, maille le liosta na gcatagóirí sonraí agus na seirbhísí ITS a bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh maidir leo de bhun Airteagal 7(1a) agus (1b).

Roimh gach fadú 5 bliana ar an chumhacht gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12(2), eiseoidh an Coimisiún clár oibre nua trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(4). ’;

(15) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinní I agus II;

(16) Cuirtear Iarscríbhinní III agus IV isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [Dáta teacht i bhfeidhm + 18 mí] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*